AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.10.2024
COM(2024) 474 final

ANNEX 1

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

IARSCRÍBHINN I – Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i mBallstáit an Aontais

An Bheilg

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 5,03 billiún i ndeontais agus EUR 264 mhilliún in iasachtaí a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 0,9 % de OTI na Beilge[1]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 915,2 milliún leis an mBeilg faoi STA, mar atá EUR 872,2 milliún i ndeontais agus EUR 43 mhilliún in iasachtaí.

Tá EUR 4,38 billiún fós ar fáil don Bheilg i ndeontais agus in iasachtaí ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 230[2] cloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[3], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Tábla 1: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Beilge

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 13 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 8 Nollaig 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 5,034 mhilliún i ndeontais agus EUR 264 mhilliún in iasachtaí (0.9% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	119 n-infheistíocht agus 40 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	230
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	0 (0% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Áirítear le plean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 145,1 milliún mar réamh-mhaoiniú an 25 Eanáir 2024. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail athchóiriú nósanna imeachta achomhairc na Comhairle Stáit, arb é is aidhm dóibh dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite sa Bheilg trí dheireadh a chur le scrogaill riaracháin a bhaineann le hinfheistíochtaí san fhuinneamh in-athnuaite.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 50,8 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 27 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le bearta athscilithe agus uas-scilithe.

[1] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[2] Ghlac an Coimisiún réamh-mheasúnú le haghaidh chéad iarratas na Beilge ar íocaíocht an 2 Iúil 2024, inar mheas an Coimisiún go raibh 19 gcloch mhíle agus sprioc comhlíonta go sásúil. Eisíocadh an íocaíocht chomhfhreagrach leis an mBeilg an 24 Meán Fómhair 2024, i.e. tar éis scoithdháta na tuarascála bliantúla sin.


[3] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-15570-2023-ADD-1/ga/pdf

Agus moill shuntasach ar chur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta, bhí an Bheilg ag fanacht le heisíoc a céad iarratais ar íocaíocht.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí réamh-mheasúnú glactha ag an gCoimisiún ar chéad iarratas na Beilge ar íocaíocht. Déanfar an eisíocaíocht chomhfhreagrach go luath. Bhí measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún freisin ar an dara hiarratas ar íocaíocht ón mBeilg.


Léirítear i bhFíoracha 1 agus 2 staid reatha na himeartha mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta.

Fíor 1: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Fíor 2: Iomlán na n-iasachtaí arna n-eisíoc faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid iomlán na n-iasachtaí a thugtar do gach Ballstát tríd an measúnú a dhéantar ar a iarratas ar iasacht agus ní féidir é a bheith níos mó ná 6,8 % dá OIN 2019.

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

An Bhulgáir

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 5,69 billiún i ndeontais a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 6,1 % de OTI na Bulgáire[4]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, tá EUR 1,37 billiún eisíoctha leis an mBulgáir faoi STA.

Tá EUR 4,3 billiún fós ar fáil ag an mBulgáir i ndeontais ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 299 gcloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[5], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Tábla 2: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Bulgáire

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 4 Bealtaine 2022
Raon	Plean athbhreithnithe gan caibidil REPowerEU
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 8 Nollaig 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 5.7 billiún i ndeontais (6.1% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	50 infheistíocht agus 47 n-athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	321
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	22 (6.9% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Tá an Bhulgáir ag obair ar chaibidil REPowerEU a fhorbairt a chuirfear lena plean téarnaimh agus athléimneachta, chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Nuair a chuirfear isteach é, nuair a dhéanfar é a mheasúnú agus a ghlacadh, rannchuideoidh sé le soláthar fuinnimh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe a áirithiú.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 57,1 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 23,1 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le cúram sláinte agus cúram fadtéarmach.

Agus iarratas amháin ar íocaíocht curtha i gcrích, tá moill shuntasach ar chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar iarratas na Bulgáire ar íocaíocht, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh aige. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 1,37 billiún i dtacaíocht airgeadais an 16 Nollaig 2022[6]. Cumhdaíodh leis na 22 chloch mhíle agus sprioc


[4] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[5] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-8091-2022-ADD-1/ga/pdf

[6] Nuair a eisíoctar íocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí i dtreo earnáil an fhuinnimh a dhícharbónú, úsáid bonneagair dhigitigh ar mhórscála a chur chun cinn, an córas breithiúnach a athchóiriú, an creat frithsciúrtha airgid a neartú, an earnáil phoiblí a dhigiteáil, leordhóthanacht agus cumhdach na scéime ioncaim íosta a neartú.

Fíor 3: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Coimisiún ag obair i gcomhar leis an mBulgáir chun measúnú a dhéanamh ar a dara hiarratas ar íocaíocht..

Léirítear i bhFíor 3 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Bhulgáir

Athchóiriú:

Trí leasú a dhéanamh ar an Acht um Ardoideachas, thug an Bhulgáir díolúintí táillí isteach do scoláirí a shíníonn comhaontú tréimhse oiliúna le fostóir, cláir nua a dhíríonn ar earnálacha ina bhfuiltear ag súil le ganntanas sa mhargadh saothair, chomh maith le córas creidiúnaithe nuashonraithe d'institiúidí ardoideachais.

Infheistíocht:

Síníodh dhá chonradh chun córas Radachumarsáid Thruncáilte Thras-Eorpach (TETRA) na hAireachta Gnóthaí Baile a fhorbairt in 2022, tar éis tairiscintí oscailte iomaíocha. Úsáidfear córas TETRA mar chóras radachumarsáide aontaithe chun timpeallacht chumarsáide a sholáthar le haghaidh bainistíochta, idirghníomhaíochta agus comhordaithe san Aireacht Gnóthaí Baile chomh maith le struchtúir rialtais eile atá freagrach as tionóiscí coiscthe géarchéime, tubaistí agus saincheisteanna slándála náisiúnta. Cuideoidh an infheistíocht le líon na síntiúsóirí i gcóras TETRA a mhéadú faoi 14 000 agus acmhainn agus cáilíocht na seirbhísí a fheabhsú. Meastar go sroichfidh cumhdach raidió TETRA 90 % le haghaidh teirminéil raidió iniompartha TETRA agus 95 le haghaidh teirminéil raidió shoghluaiste TETRA sa Bhulgáir.

An tSeicia

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 8,4 billiún i ndeontais agus EUR 818 milliún in iasachtaí a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 3 % de OTI na Seicia[7]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 2,69 billiún de dheontais leis an tSeicia faoi STA.

Tá EUR 6,5 billiún fós ar fáil ag an tSeicia i ndeontais agus in iasachtaí ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 276 chloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[8], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh don tSaoráid.

Tábla 3: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Seicia

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 8 Meán Fómhair 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 17 Deireadh Fómhair 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 8.4 billiún i ndeontais (3% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	105 infheistíocht agus 58 n-athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	341
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	65 (19.1% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 147,09 milliún mar réamh-mhaoiniú an 21 Nollaig 2023. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail an Rabharta Athchóiriúcháin a éascú trí thacaíocht agus comhairle a thabhairt do theaghlaigh, do ghnólachtaí agus d'eintitis san earnáil phoiblí maidir le hathchóiriú a gcuid foirgneamh.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 42,9 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 22,8 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le hathléimneacht an chúraim sláinte agus na seirbhísí sóisialta a mhéadú, cibé acu trí ospidéil nua agus saoráidí cúraim shóisialta a thógáil, trealamh leighis nua a fháil, cláir scagthástála ailse a neartú nó r-Shláinte a rolladh amach.

[7] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[8] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-11047-2021-ADD-1/en/pdf


Agus dhá iarratas ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia faoi lán seoil. Mar sin féin, is gá iarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun é a chur i gcrích go tráthúil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar chéad iarratas na Seicia ar íocaíocht, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 928 milliún i dtacaíocht airgeadais an 22 Márta 2023[9]. Cumhdaíodh leis na 37 gcloch mhíle agus sprioc ghaolmhara athchóirithe i réimsí na gcuraclam scoile chun litearthacht dhigiteach agus scileanna digiteacha a chur chun cinn, r-Shláinte, agus chóras iniúchóireachta agus rialaithe na tíre chun STA a chur chun feidhme, chomh maith le hinfheistíochtaí móra chun trí dhroichead iarnróid agus 45 chrosaire comhréidh iarnróid níos sábháilte a atógáil, chomh maith le huirlisí digiteacha don oideachas.

Mar thoradh ar an iarratas is déanaí ar íocaíocht, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi an 19 Feabhra 2024, eisíocadh EUR 702 mhilliún an 2 Aibreán 2024.Léiríodh leis an eisíocaíocht an measúnú dearfach ar 28 gcloch mhíle agus sprioc lena gcumhdaítear líonraí Idirlín ardtoillte, soghluaisteacht inbhuanaithe agus ríomh-riaracháin a thógáil.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an tSeicia ag obair i dtreo a tríú hiarratas ar íocaíocht.


Léirítear i bhFíoracha 4 agus 5 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Fíor 4: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Fíor 5: Iomlán na n-iasachtaí arna n-eisíoc faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid iomlán na n-iasachtaí a thugtar do gach Ballstát tríd an measúnú a dhéantar ar a iarratas ar iasacht agus ní féidir é a bheith níos mó ná 6,8 % dá OIN 2019.

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

1

[9] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don tSeicia

Athchóiriú:

Ghlac an tSeicia dlí lena bhfeabhsaítear comhordú i measc cuideachtaí idirlín agus fóntais, trí bhunachar sonraí a chruthú. Beidh cuideachtaí idirlín in ann láithreáin tógála atá ar siúl nó atá beartaithe le haghaidh líonraí ardtoillte a shainaithint. Fágfaidh sé sin go mbeidh tógáil líonraí idirlín sa tSeicia níos saoire, níos tapúla agus níos éifeachtúla agus, dá bhrí sin, cuideoidh sé leis an tSeicia aghaidh a thabhairt ar a saincheisteanna nascachta idirlín.

Infheistíocht:

Chun cabhrú le géarchéim chomhshaoil amach anseo a chosc, amhail ráigeanna lotnaidí nó dóiteán foraoise, le plean na Seicia cistíodh athfhoraoisiú níos mó ná 12 000 heicteár agus tógáil 40 taiscumar foraoise chun uisce a choinneáil. Déanfar athchóiriú 24 000 heicteár eile a chistiú faoi 2026.

An Danmhairg

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 1,6 billiún i ndeontais a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 0,4 % de OTI na Danmhairge[10]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 0,96 billiún i ndeontais leis an Danmhairg faoi STA.

Tá EUR 0,67 billiún fós ar fáil don Danmhairg i ndeontais ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 50 cloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[11], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Tábla 4: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Danmhairge

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 13 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 9 Samhain 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 1.6 billiún i ndeontais (0.4% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	37 n-infheistíocht agus 7 n-athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	93
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	43 (46.2% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 39,3 milliún mar réamh-mhaoiniú an 21 Nollaig 2023. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail simpliú a dhéanamh ar nósanna imeachta riaracháin agus ceadúnúcháin chun tionscadail téimh ceantair a chur i bhfeidhm go céimneach agus fuinneamh gaoithe agus gréine a chur in úsáid ar talamh chomh maith le fuinneamh gaoithe amach ón gcósta a chur in úsáid agus uas-sciliú glas an lucht saothair.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 69 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 27 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta ann a bhaineann go háirithe leis an gcóras cúraim sláinte.


Agus dhá iarratas ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge faoi lán seoil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar chéad iarratas na Danmhairge ar íocaíocht, agus tuairim an Choiste

[10] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[11] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10154-2021-ADD-1/en/pdf

Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 301 mhilliún i dtacaíocht airgeadais an 27 Aibreán 2023[12]. Leis na 25 chloch mhíle agus sprioc ghaolmhara, cumhdaíodh athchóirithe agus infheistíochtaí amhail an t- athchóiriú ar cháin ghlas chun tacú le haistriú glas agus digiteach gnólachtaí agus athchóiriú le haghaidh córas sláinte níos digití. Bhain roinnt cloch míle agus spriocanna freisin le hinfheistíochtaí móra i

Fíor 6: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

réimsí aistriú glas na talmhaíochta agus an chomhshaoil, éifeachtúlacht fuinnimh, feithiclí agus báid farantóireachta ghlana, agus taighde.

Mar thoradh ar an iarratas is déanaí ar íocaíocht, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi an 29 Feabhra 2024, eisíocadh EUR 422 mhilliún an 22 Aibreán 2024. Léiríodh leis an eisíocaíocht an measúnú dearfach ar 18 gcloch mhíle agus sprioc lena gcumhdaítear roinnt athchóirithe i réimsí dhigiteáil an riaracháin cúraim sláinte, na héifeachtúlachta fuinnimh, na cibearshlándála, an chúraim sláinte, chomh maith le taighde agus nuálaíocht don aistriú glas.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Danmhairg ag obair i dtreo a tríú hiarratas ar íocaíocht.

Léirítear i bhFíor 6 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Danmhairg

Athchóiriú:

Tá Straitéis Dhigiteach nua i bhfeidhm ó mhí na Bealtaine 2022, agus tá roinnt gnéithe fós á gcur i bhfeidhm. Déanfaidh sé an méid seo a leanas: (i) earnáil phoiblí dhigiteach fheabhsaithe a thosóidh ag úsáid na hintleachta saorga (seacht dtionscadal intleachta saorga nua faoi 2025); (ii) tacaíocht airgeadais chun 500 FBM ar a laghad a dhigiteáil agus níos mó iarrthóirí a chur ar fáil do phoist na todhchaí; (iii) dálaí níos fearr don nuálaíocht phoiblí a bhuí le comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha; (iv) réitigh nua

[12] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

shábháilte shlána chun faisnéis phearsanta a stóráil agus a athúsáid; (v) straitéis nua, níos láidre maidir le cibearshlándáil agus slándáil faisnéise.

Infheistíocht:

Is foinse mhór truaillithe agus astaíochtaí CO_2 iad gluaisteáin innill dócháin. Trí phréimh mhéadaithe an bhriste, baineadh 19 000 seanghluaisteán díosail breise ar a laghad den bhóthar faoi 2021.

An Ghearmáin

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 30,3 billiún i ndeontais a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 0,7 % de OTI na Gearmáine[13]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, tá EUR 6,25 billiún eisíoctha leis an nGearmáin faoi STA.

Tá EUR 24,05 billiún fós ar fáil don Ghearmáin i ndeontais ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 108 gcloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[14], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Tábla 5: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Gearmáine

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 13 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 16 Iúil 2024
An leithdháileadh iomlán	EUR 30.3 billiún i ndeontais (0.7% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	29 n-infheistíocht agus 17 n-athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	144
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	36 (25% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine caibidil REPowerEU, chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Rannchuideoidh an chaibidil le soláthar fuinnimh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe a áirithiú.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 52,6 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 47,5 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le comhtháthú sóisialta agus oideachas.

Agus iarratas amháin ar íocaíocht curtha i gcrích, tá moill shuntasach ar chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar an iarratas ar íocaíocht, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh aige. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 4 bhilliún i dtacaíocht airgeadais an 28 Nollaig 2023[15]. Leis na 36 chloch mhíle agus sprioc ghaolmhara cumhdaíodh athchóirithe agus infheistíochtaí amhail tabhairt i gcrích tionscadal a bhaineann le leictrea-shoghluaisteacht agus bonneagar luchtaithe, taighde ar hidrigin agus leathadh


[13] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga.

[14] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-11674-2024-COR-1/en/pdf

[15] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

amach tionscadal a bhaineann le hidrigin, tacaíocht don mhicrileictreonaic, agus digiteáil na n- iarnród, agus cinn eile sna réimsí a bhaineann le digitiú agus éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí a chur chun cinn chomh maith le dlús a chur leis na nósanna imeachta pleanála agus formheasa in earnáil an iompair, vacsaíní a fhorbairt, agus tacaíocht do chúram leanaí agus do phrintíseachtaí.

Fíor 7: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Ghearmáin ag obair i dtreo a dara hiarratas ar íocaíocht.

Léirítear i bhFíor 7 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Ghearmáin

Athchóiriú:

Tríd an Acht um Rochtain ar Líne (‘*Onlinezugangsgesetz*’), cuireadh 70 seirbhís phoiblí ar fáil ar líne (lena n- áirítear seirbhísí atá nasctha le hárachas sláinte, cearta pinsin agus an ceadúnas tiomána), rud a fheabhsaíonn éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí trí sheirbhísí poiblí do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a dhigiteáil. San iomlán, a luaithe a chuirfear an t- athchóiriú chun feidhme ina iomláine, beidh saoránaigh in ann 100 seirbhís *Länder* agus 115 sheirbhís Chónaidhme a úsáid ar líne den chéad uair.

Infheistíocht:

Rannchuidíonn plean na Gearmáine le digiteáil an iarnróid i gcomhthéacs an tionscnaimh ‘Iarnród Digiteach na Gearmáine’ agus an ‘mhearchláir’ chun dlús a chur leis. Leis an tionscnamh sin, bailítear le chéile páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha (lena n-áirítear an tÚdarás Iarnróid Cónaidhme, eagraíochtaí taighde agus teicniúla agus an tionscal) chun comhpháirteanna caighdeánaithe, idir-inoibritheacha agus modúlacha a fhorbairt chun oibríochtaí iarnróid a dhigiteáil. Mhaoinigh an plean seacht

dtreoirthionscadal le réitigh chun córais slándála digití den ghlúin nua a chur in ionad seanbhoscaí comharthaíochta agus córas cosanta crosairí comhréidhe.

An Eastóin

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 953,2 milliún i ndeontais a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 2,5 % de OTI na hEastóine[16]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 0,5 billiún leis an Eastóin faoi STA.

Tá EUR 450 milliún fós ar fáil ag an Eastóin i ndeontais ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 86 chloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme[17], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Tábla 6: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hEastóine

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 29 Deireadh Fómhair 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 16 Meitheamh 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 953 mhilliún i ndeontais (2.5% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	28 n-infheistíocht agus 17 n-athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	133
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	47 (35.3% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 18 milliún mar réamh-mhaoiniú an 13 Nollaig 2023. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail dlús a chur le dícharbónú an chórais fuinnimh agus tacú leis an aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 59,5 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 24,1 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le hinrochtaineacht agus athléimneacht an chórais sláinte a fheabhsú, feabhas a chur ar an líontán sábhála sóisialta agus ar rochtain ar sheirbhísí sóisialta.


Agus dhá iarratas ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine faoi lán seoil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar an gcéad iarratas ar íocaíocht ón Eastóin, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh. Mar thoradh air sin, eisíocadh

[16] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[17] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-12532-2021-ADD-1/en/pdf

EUR 0,2 billiún i dtacaíocht airgeadais an 6 Samhain 2023[18]. Cumhdaíodh sna 28 gcloch mhíle agus sprioc ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí amhail tionscadail a bhaineann le scileanna glasa chun tacú le haistriú glas fiontar, chomh maith le lárionad barr feabhais a chruthú agus a fhorbairt le haghaidh rialachas sonraí, agus cinn eile i réimsí na scileanna do chlaochlú digiteach

Fíor 8: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

gnólachtaí, iomaíochas fiontar i margaí eachtracha agus soláthar cúraim fhadtéarmaigh.

Mar thoradh ar an iarratas ar íocaíocht a rinneadh le déanaí, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi an 12 Márta 2024, eisíocadh EUR 100 milliún an 19 Aibreán 2024. Léirigh an eisíocaíocht an measúnú dearfach ar 18 gcloch mhíle agus sprioc lena gcumhdaítear forbairt seirbhísí poiblí digiteacha réamhghníomhacha do dhaoine aonair, tionscadail infheistíochta maidir le slabhraí luacha comhtháite hidrigine glaise, chomh maith le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, réitigh soláthair, agus tomhaltas deiridh i réimsí éagsúla cur i bhfeidhm, i measc rudaí eile.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Eastóin ag obair i dtreo a tríú hiarratas ar íocaíocht.

Léirítear i bhFíor 8 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Eastóin

Athchóiriú:

Mar chéad chéim den athchóiriú, formheasadh an Creat Straitéiseach chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair sláinte san Eastóin agus tháinig Foraitheanta an Aire Sláinte agus Saothair lena leasaítear an córas aisíocaíochta do dhochtúirí agus do chógaiseoirí i bhfeidhm. Nuair a chuirfear an t- athchóiriú chun feidhme go hiomlán, cuideoidh sé le córas sláinte na hEastóine athléimneacht a fháil, go háirithe le linn

[18] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

géarchéimeanna, agus áiritheofar leis rochtain an daonra ar chúram sláinte ardcháilíochta comhtháite ar fud na tíre.

Infheistíocht:

Shínigh an Eastóin an conradh chun ionad sláinte nua a thógáil i gcathair Viljandi, ina mbeidh ospidéal ginearálta agus ionad cúraim sláinte phríomhúil. Leis an infheistíocht cuirfear feabhas ar an rochtain ar chúram sláinte chomh maith le soláthar cúraim sláinte agus shóisialta i Lár na hEastóine.

Éire

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 1,15 billiún i ndeontais a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 0,2 % de OTI na hÉireann[19]. Amhail ón 31 Lúnasa, eisíocadh EUR 323,8 le hÉirinn.

Tá EUR 830 milliún fós ar fáil d'Éirinn i ndeontais ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na 78 gcloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[20], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Tábla 7: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 8 Meán Fómhair 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 8 Nollaig 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 1.153 billiún i ndeontais (0.2% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	19 n-infheistíocht agus 11 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	118
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	40 (33% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Rannchuideoidh an chaibidil le soláthar fuinnimh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe a áirithiú.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 50,2 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 34,2 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe i ndáil le tacaíocht le haghaidh athsciliú agus uas-sciliú oibrithe agus le haghaidh tithíocht shóisialta inacmhainne.

Agus iarratas amháin ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann faoi lán seoil. Mar sin féin, is gá iarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun é a chur i gcrích go tráthúil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar an gcéad iarratas ar íocaíocht ó Éirinn, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 323,8 billiún i dtacaíocht airgeadais an 11 Iúil 2024[21]. I measc an 40 cloch mhíle agus sprioc, tá athchóirithe agus infheistíochtaí amhail cáin leasaithe ar charbón, nascacht

[19] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga


[20] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10262-2024-INIT/en/pdf

[21] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

ardluais agus bonneagar TFC le haghaidh scoileanna agus infheistíochtaí chun tacú le huas-sciliú agus athsciliú oibrithe.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí Éire ag obair i dtreo a dara hiarratas ar íocaíocht.

Fíor 9: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Léirítear i bhFíor 9 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta d'Éirinn

Athchóiriú:

Tá athchóiriú uaillmhianach ar cháin charbóin curtha chun feidhme ag Éirinn trí theacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena dtugtar isteach na méaduithe bliantúla ar an ráta cánach, lena n- áirítear comhartha fadtéarmach faoi phraghas an charbóin as a n- eascróidh ráta EUR 100 in aghaidh an tona d'astaíochtaí CO_2 in 2030. Cuideoidh sé sin leis an ngeilleagar a dhícharbónú trí úsáid breoslaí iontaise a dhídhreasú agus trí úsáid fuinnimh in-athnuaite a spreagadh sa tionscal agus sa tsochaí, chomh maith le gnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh a chothú.

Infheistíocht:

Leis an athchóiriú domhain ar fhoirgneamh na hoifige poiblí, Teach Tom Johnson agus i gCill Chairn, tá uasghrádú nuachóirithe á dhéanamh ag Éirinn chun a lorg carbóin a laghdú go suntasach agus chun a saolré úsáideach a fhadú.

An Ghréig

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 18,2 billiún i ndeontais agus EUR 17,7 billiún in iasachtaí a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 16,3 % de OTI na Gréige[22]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 17,2 billiún leis an nGréig faoi STA, mar atá EUR 7,6 billiún i ndeontais agus EUR 9,6 billiún in iasachtaí.

Tábla 8: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Gréige

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 13 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 8 Nollaig 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 18.2 billiún i ndeontais (16.3% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	103 infheistíocht agus 75 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	381
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	87 (22.8% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Tá EUR 18,7 billiún fós ar fáil don Ghréig i ndeontais agus in iasachtaí ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 294 chloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[23], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 158,7 milliún mar réamh-mhaoiniú an 25 Eanáir 2024. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh, lena n- áirítear táirgeadh hidrigine in-athnuaite agus bithmheatáin a éascú, úsáid spáis talún agus mara a bharrfheabhsú chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt, agus comhroinnt fuinnimh, pobail fuinnimh agus féintomhaltas a chur chun cinn.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 38,1 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 22,1 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le gníomhachtú agus uas-sciliú sa mhargadh saothair a chothú d'fhostaithe agus dóibh siúd atá dífhostaithe.

Agus ceithre iarratas ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige faoi lán seoil. Mar sin féin, is gá

[22] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[23] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-11858-2024-ADD-1/en/pdf


iarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun é a chur i gcrích go tráthúil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar an gcéad, an dara agus an tríú hiarratas ar íocaíocht ón nGréig ar thacaíocht neamh-inaisíoctha agus ar iasachtaí, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 3,6 billiún i dtacaíocht airgeadais an 8 Aibreán 2022; EUR 3,6 billiún an 19 Eanáir 2023; agus EUR 3,6 billiún an 28 Nollaig 2023[24]. Leis na 86 chloch mhíle agus sprioc ghaolmhara cumhdaíodh athchóirithe agus infheistíochtaí amhail iad siúd a bhaineann leis an tSaoráid Iasachta, chun an margadh leictreachais a chur in oiriúint do sciar ard foinsí in-athnuaite fuinnimh, gréasán iarnróid nua-aimseartha a fhorbairt, flít bus poiblí níos glaise a chur chun cinn, agus cinn eile i réimsí na héifeachtúlachta fuinnimh, an bhainistithe dramhaíola, an mhargaidh saothair, an bheartais cánachais, na timpeallachta gnó, an riaracháin phoiblí agus an chúraim sláinte.

Mar thoradh ar an iarratas is déanaí ar íocaíocht, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi an 16 Iúil 2024, eisíocadh EUR 2,3 billiún an 23 Iúil 2024. Léirigh an eisíocaíocht an measúnú dearfach ar sprioc amháin, i.e. tuilleadh dul chun cinn maidir le seachadadh na Saoráide Iasachta. Is é is aidhm don bheart seo infheistíochtaí príobháideacha a shlógadh i réimsí amhail an t- aistriú glas agus an t- aistriú digiteach, acmhainneacht onnmhairiúcháin a mhéadú, agus taighde, forbairt agus nuálaíocht.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an gceathrú hiarratas ar íocaíocht ón nGréig ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha.


Léirítear i bhFíoracha 10 agus 11 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Fíor 10: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do

Fíor 11: Iomlán na n-iasachtaí arna n-eisíoc faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid iomlán na n-iasachtaí a thugtar do gach Ballstát tríd an measúnú a

[24] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

dhéantar ar a iarratas ar iasacht agus ní féidir é a bheith níos mó ná 6,8 % dá OIN 2019.

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Ghréig

Athchóiriú:

Chuir an Ghréig an chéad chéim d'athchóiriú ar an riarachán poiblí i gcrích, trí nósanna imeachta stáit a shimpliú agus a dhigiteáil i roinnt réimsí beartais amhail ceartas, saoránacht, sláinte agus leas sóisialta, iompar agus lóistíocht, loingseoireacht agus turasóireacht, mar aon le huasghráduithe agus feabhsuithe feidhmiúla na gcóras ábhartha is gá chun tacú le cur i gcrích éifeachtúil na bpróiseas nua digitithe.

Infheistíocht:

Tá straitéis chuimsitheach á cur chun feidhme ag an nGréig chun líon na bpointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a mhéadú. Chun comhlánú a dhéanamh ar athchóiriú a rinneadh roimhe seo lena mbunaítear creat dlíthiúil maidir le feidhmiú mhargadh na bhfeithiclí leictreacha, sheol an Ghréig clár a thacaíonn leis na húdaráis áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach 4 500 pointe luchtaithe ar a laghad a bhfuil acmhainneacht chumhachta 300 000 kW ar a laghad acu a shuiteáil.

An Spáinn

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 79,85 billiún i ndeontais agus EUR 83,2 billiún in iasachtaí a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 11,2 % de OTI na Spáinne[25]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 48,3 billiún leis an Spáinn faoi STA, mar atá EUR 47,96 billiún i ndeontais agus EUR 340 milliún in iasachtaí.

Tábla 9: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 13 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 17 Deireadh Fómhair 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 79.9 billiún i ndeontais agus EUR 83.2 billiún in iasachtaí (11.5% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	142 infheistíocht agus 111 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	595
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	181 (30.4% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Tá EUR 114,7 billiún fós ar fáil don Spáinn i ndeontais agus in iasachtaí ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 414 chloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[26], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos don tSaoráid.

Áirítear i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 1,38 billiún mar réamh-mhaoiniú an 1 Feabhra 2024. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail nósanna imeachta ceadúnúcháin a chuíchóiriú le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 39,8 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 25,9 % dá leithdháileadh iomlán á thiomnú chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le hoibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú.

Agus ceithre iarratas ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne faoi lán seoil. Mar sin féin, is gá iarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun é a chur i gcrích go tráthúil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar an gcéad, ar an dara agus ar an tríú hiarratas ar íocaíocht

[25] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[26] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10150-2021-ADD-1-REV-2/en/pdf


ón Spáinn, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh aige. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 10 mbilliún i dtacaíocht airgeadais an 27 Nollaig 2021, EUR 12 bhilliún an 29 Iúil 2022; agus EUR 6 bhilliún an 31 Márta 2023[27]. Cumhdaíodh sna 121 chloch mhíle agus sprioc ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí amhail athchóirithe ar bhearta cánach a rannchuidíonn leis an aistriú éiceolaíoch, agus cinn eile i réimsí na digiteála, an chúraim sláinte, an oideachais, an chánachais, an mhargaidh saothair agus na hinbhuanaitheachta.

Mar thoradh ar an iarratas is déanaí ar íocaíocht, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi an 19 Iúil 2024, eisíocadh EUR 9,9 billiún an 26 Iúil 2024. Léirigh an eisíocaíocht an measúnú dearfach ar 60 as 61 chloch mhíle agus sprioc lena gcumhdaítear athchóirithe i réimsí lena n- áirítear an t- aistriú glas agus digiteach, fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, agus athléimneacht eacnamaíoch, institiúideach agus shóisialta agus comhtháthú críochach, amhail athchóiriú pinsean agus tacaíocht dífhostaíochta; agus infheistíochtaí i réimsí lena n- áirítear an t- aistriú digiteach agus glas, taighde, forbairt agus nuálaíocht, chomh maith le hoideachas agus gairmoiliúint. Níor comhlíonadh go sásúil an sprioc a bhí fós gan chomhlíonadh maidir le digiteáil ghnó. Dá bhrí sin, ghníomhachtaigh an Coimisiún an nós imeachta um 'íocaíochtaí a chur ar fionraí', mar a bheartaítear in Airteagal 24(6) de Rialachán STA. Ar fhianaise a sholáthar laistigh den tréimhse a shonraítear i bhforálacha Rialachán STA, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh sásúil na sprice agus, más iomchuí, cuirfidh sé deireadh le fionraí na híocaíochta.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Spáinn ag obair i dtreo a cúigiú hiarratas ar íocaíocht.


Léirítear i bhFíoracha 12 agus 13 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Fíor 12: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi

Fíor 13: Iomlán na n-iasachtaí arna n-eisíoc faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí

[27] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid iomlán na n- iasachtaí a thugtar do gach Ballstát tríd an measúnú a dhéantar ar a iarratas ar iasacht agus ní féidir é a bheith níos mó ná 6,8 % dá OIN 2019.

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Spáinn

Athchóiriú:

Ghlac an Spáinn dhá dhlí lena simpleofar nósanna imeachta chun gnó a bhunú, lena gcuirfear foinsí éagsúlaithe airgeadais chun cinn le haghaidh fás gnó, lena bhfeabhsófar agus lena n- éascófar creat fabhrach a chruthú chun gnólachtaí nuathionscanta an-nuálach a chruthú agus a fhás agus lena meallfar fiontraithe agus infheisteoirí eachtracha.

Infheistíocht:

Tá dul chun cinn déanta ag an Spáinn maidir le hinfheistíocht a dhéanamh chun soláthar foriomlán an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú, agus riachtanais ghnó á gcur san áireamh agus freagairt éifeachtach á tabhairt ar riachtanais earnála, le cruthú carntha 1 667 ngrúpa gairmoideachais agus gairmoiliúna nua ar a laghad.

An Fhrainc

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 40,3 billiún i ndeontais a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 1,4 % de OTI na Fraince[28]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 30,9 billiún leis an bhFrainc faoi STA.

Tá EUR 9,4 billiún fós ar fáil don Fhrainc i ndeontais ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 49 gcloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[29], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Tábla 10: Príomhfhíorais phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 13 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 17 Deireadh Fómhair 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 40.3 billiún i ndeontais (1.4% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	73 infheistíocht agus 24 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	181
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	132 (72.9% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 564,3 milliún mar réamh-mhaoiniú an 13 Nollaig 2023. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail dlús a chur le cur in úsáid tionscadal fuinnimh in-athnuaite trí nósanna imeachta ceadúnúcháin cuíchóirithe.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 49,5 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 21,6 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta, go háirithe maidir le hoideachas, dífhostaíocht nó mímheaitseáil scileanna.


Agus trí iarratas ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince faoi lán seoil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar an gcéad agus ar an dara iarratas ar íocaíocht ón bhFrainc, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 7,4 billiún i dtacaíocht airgeadais an 4 Márta 2022 agus eisíocadh EUR 10,3 billiún an

[28] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[29] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10162-2021-ADD-1/en/pdf

22 Nollaig 2023[30]. Cumhdaíodh leis na 93 chloch mhíle ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí i réimsí an airgeadais phoiblí, na tithíochta, na soghluaisteachta, an árachais dífhostaíochta, scileanna, agus na sláinte, chomh maith le córas iniúchóireachta agus rialaithe na Fraince chun STA a chur chun feidhme.

Fíor 14: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Mar thoradh ar an iarratas is déanaí ar íocaíocht, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi an 30 Bealtaine 2024, eisíocadh EUR 7,5 billiún an 5 Meitheamh 2024. Léirigh an eisíocaíocht an measúnú dearfach ar 39 gcloch mhíle agus sprioc, lena n-áirítear bearta REPowerEU, lena n- áirítear athchóirithe a bhaineann le dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, cur chun feidhme an Dlí um Chlársceidealú Taighde agus bunú na hArdrúnaíochta um Pleanáil Éiceolaíoch. Cumhdaítear san iarratas ar íocaíocht freisin infheistíochtaí in athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh phoiblí agus phríobháideacha, dícharbónú na tionsclaíochta, nascacht a fheabhsú, tacú le hiarnróid agus leictriú duganna cuain.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Fhrainc ag obair i dtreo a ceathrú hiarratas ar íocaíocht.

Léirítear i bhFíor 14 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Fhrainc

Athchóiriú:

Ghlac an Fhrainc an Dlí maidir le dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, arb é is aidhm dó dlús a chur le glacadh an fhuinnimh in-athnuaite chun cuspóirí aistrithe fuinnimh na Fraince a bhaint amach. Leis an athchóiriú, sainíodh 'criosanna luasghéaraithe' a bhfuil tosaíocht le tabhairt dóibh chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt, cumasaíodh seoladh díospóireachtaí poiblí maidir le dlús a chur le pleanáil gaoithe amach ón gcósta,

[30] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

simplíodh suiteáil painéal fótavoltach agus treisíodh forbairt an fhéintomhaltais chomhchoitinn.

Infheistíocht:

Cheangail an Fhrainc os cionn cúig mhilliún teaghlach agus áitreabh gnó breise leis an líonra leathanbhanda ardluais, a sholáthraíonn naisc ardcháilíochta le luasanna os cionn 100 Mbps (níos mó ná 1 Gbps go ginearálta). Chuir an infheistíocht sin dlús le himscaradh líonraí Rochtana na Chéad Ghlúine Eile ar fud na críche ar fad, agus go háirithe i réimsí ina bhfuil sé deacair infheistíocht phríobháideach a mhealladh.

An Chróit

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 5,8 billiún i ndeontais agus EUR 4,25 billiún in iasachtaí a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 13,1 % de OTI na Cróite[31]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 4,5 billiún leis an gCróit faoi STA, mar atá EUR 3,7 billiún i ndeontais agus EUR 0,8 billiún in iasachtaí.

Tábla 11: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Cróite

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 28 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 8 Nollaig 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 5.8 billiún i ndeontais agus EUR 4.3 billiún in iasachtaí (13.1% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	157 n-infheistíocht agus 78 n-athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	436
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	157 (36.0% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Tá EUR 5,6 billiún fós ar fáil ag an gCróit i ndeontais agus in iasachtaí ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 279 gcloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[32], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 585,1 milliún mar réamh-mhaoiniú an 25 Eanáir 2024, lena gcothaítear seoladh an athchóirithe ábhartha arb é is aidhm dó scileanna agus inniúlachtaí glasa in earnáil na tógála a mhéadú d'oibrithe nach oibrithe de chuid an Aontais iad.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 39 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 20 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta agus, go háirithe a bhaineann le beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus le hoideachas agus cúram na luath-óige.

Agus cúig iarratas ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite faoi lán seoil. Mar sin féin, is gá iarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun é sin a thabhairt i gcrích go tráthúil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar an gcéad, ar an dara, ar an tríú agus ar an gceathrú

[31] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[32] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10687-2021-ADD-1/en/pdf


hiarratas ar íocaíocht ón gCróit, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh, rud a d'fhág go ndearnadh EUR 700 milliún a eisíoc i dtacaíocht airgeadais an 28 Meitheamh 2022; EUR 700 milliún an 16 Nollaig 2022; EUR 700 milliún an 30 Samhain 2023; agus EUR 162,5 milliún an 15 Aibreán 2024[33]. Cumhdaíodh leis an 120 cloch mhíle agus sprioc ghaolmhara athchóirithe i réimsí amhail riarachán poiblí, frithéilliú, fioscach, frithsciúradh airgid, cúram sláinte, eolaíocht agus ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, margadh an tsaothair, bainistiú dramhaíola agus foinsí fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le hinfheistíochtaí in athchóiriú fuinnimh foirgneamh, aistriú glas agus digiteach na turasóireachta agus an t- ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú.

Mar thoradh ar an iarratas is déanaí ar íocaíocht, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi an 12 Iúil 2024, eisíocadh EUR 821,7 milliún an 19 Iúil 2024. Léirigh an eisíocaíocht an measúnú dearfach ar 37 gcloch mhíle agus sprioc lena gcumhdaítear beart a bhaineann le digiteáil, riarachán poiblí, iompar glan, soghluaisteacht, bainistiú uisce agus fuíolluisce, turasóireacht, breithiúna, oideachas agus sláinte.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Chróit ag obair i dtreo a séú hiarratas ar íocaíocht.


Léirítear i bhFíoracha 15 agus 16 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Fíor 15: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Fíor 16: Iomlán na n-iasachtaí arna n-eisíoc faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid iomlán na n-iasachtaí a thugtar do gach Ballstát tríd an measúnú a dhéantar ar a iarratas ar iasacht agus ní féidir é a bheith níos mó ná 6,8 % dá OIN 2019.

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

[33] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Chróit

Athchóiriú:

Thug an Chróit isteach creat dlíthiúil náisiúnta lena gcumasaítear cistiú stáit méadaithe do shaoráidí Oideachais agus Cúraim Luath-Óige (ECEC) ar fud na tíre, chomh maith le sraith chomhionann caighdeán ar dá réir a chinntear an leithdháileadh cistí do sholáthraithe ECEC. Rud atá tábhachtach, cuirtear san áireamh sna critéir acmhainneachtaí airgeadais áitiúla nó easpa acmhainneachtaí airgeadais áitiúla, chun cistiú a mhéadú i limistéir lagfhorbartha agus, ar deireadh, inacmhainneacht ECEC ar fud réigiúin uile na tíre.

Infheistíocht:

Tógadh agus oibríodh an chéad Ionad Dáileacháin Lóistíochta le haghaidh torthaí agus glasraí in Osijek. Áirítear san ionad 3 600 tona de thoilleadh stórála le seomraí fuaraithe atá oiriúnach do stóráil fhadtéarmach, limistéar chun an táirge a ghlacadh, a ghlanadh, a níochán, a shórtáil agus a phacáistiú, chomh maith le líne táirgeachta sú a rannchuideoidh le cur amú bia a laghdú. Rannchuidíonn an infheistíocht freisin le feabhas a chur ar iomaíochas gheilleagar na Cróite trína chur ar chumas táirgeoirí táirgí den chaighdeán is airde a stóráil go sábháilte lena bpróiseáil ina dhiaidh sin ina dtáirgí ardluacha, amhail súnna torthaí den scoth.

An Iodáil

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 71,8 billiún i ndeontais agus EUR 122,6 billiún in iasachtaí a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 9,3 % de OTI na hIodáile[34]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 113,46 billiún leis an Iodáil faoi STA, mar atá EUR 44,67 billiún i ndeontais agus EUR 68,79 billiún in iasachtaí.

Tábla 12: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hIodáile

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 13 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 8 Nollaig 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 71.8 billiún i ndeontais agus EUR 122.6 billiún in iasachtaí (9.3% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	150 infheistíocht agus 66 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	618
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	231 (37.4% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Tá EUR 80,9 billiún fós ar fáil ag an Iodáil i ndeontais agus in iasachtaí ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 387 gcloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[35], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Áirítear i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hIodáile caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun táirgeadh fuinnimh ghlain a mhéadú sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 551,2 milliún mar réamh-mhaoiniú an 25 Eanáir 2024. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh, lena n- áirítear ceadú le haghaidh úsáid fuinnimh in-athnuaite a chuíchóiriú, fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol a laghdú, táirgeadh bithmheatáin a éascú, agus dlús a chur le soláthar agus glacadh na scileanna is gá don aistriú glas.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 39,4 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 25,6 % dá leithdháileadh iomlán á thiomnú chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le claochlú críoch leochaileach ina limistéir chliste agus inbhuanaithe a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i dtithíocht shóisialta, trí sheirbhísí sóisialta áitiúla a neartú chun tacú le leanaí agus le

[34] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[35] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10160-2021-ADD-1-REV-2/en/pdf

teaghlaigh, trí cháilíocht saoil daoine faoi mhíchumas a fheabhsú, agus trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar don Chrios Eacnamaíoch Speisialta sa Deisceart.

Agus cúig iarratas ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hIodáile faoi lán seoil. Mar sin féin, is gá iarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun é a chur i gcrích go tráthúil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar an gcéad, ar an dara, ar an tríú agus ar an gceathrú hiarratas ar íocaíocht ón Iodáil, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh aige. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 21 bhilliún i dtacaíocht airgeadais an 13 Aibreán 2022; EUR 21 bhilliún an 8 Samhain 2022; EUR 19 mbilliún an 9 Deireadh Fómhair 2023; agus EUR 16,5 billiún an 28 Nollaig 2023[36]. Cumhdaíodh sna 178 gcloch mhíle agus sprioc ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí i réimsí an cheartais, an riaracháin phoiblí, an riaracháin chánach, an oideachais, na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair, na mbeartas sóisialta, na n- earnálacha digiteacha agus turasóireachta chomh maith le hathghiniúint uirbeach, simpliú na reachtaíochta in earnálacha amhail dramhaíl, uisce agus iompar ar iarnród.


Mar thoradh ar an iarratas is déanaí ar íocaíocht, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi an 26 Iúil 2024, eisíocadh EUR 11 bhilliún an 5 Lúnasa 2024. Léirigh an eisíocaíocht an measúnú dearfach ar 53 chloch mhíle agus sprioc lena gcumhdaítear, i measc nithe eile, athchóirithe i réimsí dhlí na hiomaíochta, an tsoláthair phoiblí, an bhainistithe dramhaíola, an cheartais (lena n- áirítear digiteáil), an oideachais chomh maith le hinfheistíochtaí i réimse dhigitiú an riaracháin phoiblí áitiúil, na soghluaisteachta inbhuanaithe, na héifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh, na talmhaíochta, an bhainistithe dramhaíola agus uisce, an taighde agus na sláinte.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Coimisiún ag obair i gcomhar leis an Iodáil chun measúnú a dhéanamh ar a séú hiarratas ar íocaíocht.

[36] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.


Léirítear i bhFíoracha 17 agus 18 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Fíor 17: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Fíor 18: Iomlán na n-iasachtaí arna n-eisíoc faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid iomlán na n-iasachtaí a thugtar do gach Ballstát tríd an measúnú a dhéantar ar a iarratas ar iasacht agus ní féidir é a bheith níos mó ná 6,8 % dá OIN 2019.

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Iodáil

Athchóiriú:

Glacadh reachtaíocht thánaisteach in 2022, 2023, agus 2024 chun sraith athchóirithe a chur chun feidhme a bhaineann, i measc nithe eile, le hatheagrú an chórais scoile, leis an gcóras treoshuímh, le hearcú agus gairmréim múinteoirí, leis an oideachas treasach gairmdhírithe. Tá sé d'aidhm ag an tsraith chuimsitheach athchóirithe borradh a chur faoi thorthaí oideachais, lena n- áirítear bunscileanna agus ardscileanna, curaclaim scoile a athailíniú le riachtanais an mhargaidh saothair agus ionchais infhostaitheachta scoláirí a fheabhsú.

Infheistíocht:

Ghlac 6 678 riarachán poiblí nua an réiteach íocaíochta digití '*PagoPA*' agus tá 10 675 riarachán poiblí tar éis dul isteach agus seirbhísí a sholáthar trí ardán na haipe 'IO' (i.e. bealach breise idirghníomhaíochta leis an riarachán poiblí). Le húsáid níos éifeachtaí faisnéise ag an riarachán poiblí, leis an aistriú chuig an néal, le cur chun feidhme na hidir-inoibritheachta, agus le feabhsuithe ar inúsáidteacht, déanfar saoránaigh agus idirghníomhú gnólachtaí leis an riarachán poiblí a shimpliú go hiomlán.

An Chipir

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 1,02 billiún i ndeontais agus EUR 0,2 billiún in iasachtaí a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 4,1 % de OTI na Cipire[37]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 262,7 milliún leis an gCipir faoi STA, mar atá EUR 236,7 milliún i ndeontais agus EUR 26 mhilliún in iasachtaí.

Tábla 13: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Cipire

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 28 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 8 Nollaig 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 1,020 milliún i ndeontais agus EUR 200 milliún in iasachtaí (4.1% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	75 infheistíocht agus 61 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	282
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	14 (5% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Tá EUR 957,3 milliún fós ar fáil don Chipir i ndeontais agus in iasachtaí ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 268 gcloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[38], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 20,9 milliún mar réamh-mhaoiniú an 25 Eanáir 2024. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail creat rialála chun pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha a nascadh.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 45,1 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 24,6 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le cúram sláinte.

Agus iarratas amháin ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire faoi lán seoil. Mar sin féin, is gá iarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun é a chur i gcrích go tráthúil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar iarratas na Cipire ar íocaíocht, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh aige. Mar thoradh air sin, eisíocadh


[37] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[38] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10686-2021-ADD-1/en/pdf

EUR 85 mhilliún i dtacaíocht airgeadais an 2 Nollaig 2022[39]. Cumhdaíodh sna 14 chloch mhíle agus sprioc ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí amhail Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Ríomhscileanna, agus cinn eile i réimsí na héifeachtúlachta fuinnimh, an gheilleagair chiorclaigh, an fhrithéillithe, na trédhearcachta, na hearnála airgeadais, an riaracháin phoiblí agus na scileanna digiteacha.


Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Coimisiún ag obair i gcomhar leis an gCipir chun measúnú a dhéanamh ar a dara agus a tríú hiarratas ar íocaíocht.

Fíor 19: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Fíor 20: Iomlán na n-iasachtaí arna n-eisíoc faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid iomlán na n-iasachtaí a thugtar do gach Ballstát tríd an measúnú a dhéantar ar a iarratas ar iasacht agus ní féidir é a bheith níos mó ná 6,8 % dá OIN 2019.

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Léirítear i bhFíoracha 19 agus 20 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Chipir

Athchóiriú:

Chuir an Chipir plean gníomhaíochta chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar stoc na n-iasachtaí neamhthuillmheacha leagáide atá fágtha agus ghlac sí pacáiste de thrí dhlí leasaitheacha maidir le cuideachtaí agus seirbhíseoirí éadála creidmheasa. Cuireann sé sin feabhas ar an timpeallacht oibre chun iasachtaí neamhthuillmheacha a bhainistiú, agus

[39] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

ag an am céanna tá an Chipir ag leanúint dá hiarrachtaí feabhas a chur ar cháilíocht sócmhainní na mbanc.

Infheistíocht:

D'fhoilsigh an Chipir an chéad sraith de ghlaonna ar thograí chun tacú le húdaráis áitiúla athchóirithe fuinnimh a chur chun feidhme i dteaghlaigh agus chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht fuinnimh. Áirítear leis sin scéim tacaíochta chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh i dteaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais, lena n- áirítear daoine faoi mhíchumas.

An Laitvia

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 1,97 billiún i ndeontais a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 4,9 % de OTI na Laitvia[40]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 801 mhilliún leis an Laitvia faoi STA.

Tá EUR 1,17 billiún fós ar fáil don Laitvia i ndeontais ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 177 gcloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[41], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Tábla 14: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Laitvia

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 13 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 8 Nollaig 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 1,969 milliún i ndeontais (4.9% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	63 infheistíocht agus 25 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	229
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	52 (23% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 26,9 milliún mar réamh-mhaoiniú an 25 Eanáir 2024. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail creat rialála a thabhairt isteach do phobail fuinnimh, atá ar siúl faoi láthair.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 41,5 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 23 % dá leithdháileadh iomlán á thiomnú chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le cúram sláinte, oideachas agus scileanna.

Agus dhá iarratas ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Laitvia faoi lán seoil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar an gcéad iarratas ar íocaíocht ón Laitvia, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh aige. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 201 mhilliún i dtacaíocht airgeadais an 7 Deireadh Fómhair 2022[42]. Cumhdaíodh leis na naoi gcloch mhíle

[40] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga


[41] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10157-2021-ADD-1/en/pdf

[42] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí i réimsí an chórais tacaíochta ioncaim íosta, an bhonneagair leathanbhanda, bhonneagar na n- institiúidí oideachais agus na cianfhoghlama, agus athchóirithe agus infheistíochtaí eile i réimse an tsoláthair phoiblí, an choisc ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta, chomh maith le teaghaisí ar chíos íseal a thógáil.

Mar thoradh ar an iarratas is déanaí ar íocaíocht, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi an 16 Bealtaine 2024, eisíocadh EUR 335,7 milliún an 27 Bealtaine 2024. Léiríodh leis an eisíocaíocht an measúnú dearfach ar 40 cloch mhíle agus 3 sprioc lena gcumhdaítear athchóirithe agus infheistíocht i réimsí an ardoideachais, na digiteála, an chúraim sláinte, tithíochta inacmhainne, na héifeachtúlachta fuinnimh, na soghluaisteachta glaine, an chustaim agus an chomhlíonta cánach. Leis an iarratas seo ar íocaíocht de EUR 336 mhilliún i dtacaíocht airgeadais, is é EUR 801 mhilliún na cistí a íocadh leis an Laitvia faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, arb ionann é agus 41 % de na cistí uile i bplean na Laitvia.

Fíor 21: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Laitvia ag obair i dtreo a tríú hiarratas ar íocaíocht.

Léirítear i bhFíor 21 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Laitvia

Athchóiriú:

Tá athchóiriú déanta ag an Laitvia ar a córais ardoideachais, ag díriú ar rialachas, ar shásraí creidiúnaithe agus ar phrionsabail chistiúcháin. Is céim thábhachtach é an t-

athchóiriú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna a chuireann bac ar tháirgiúlacht, ar sholáthar saothair, agus ar an aistriú glas agus digiteach sa Laitvia.

Infheistíocht:

Tá 10 n- ospidéal á n- uasghrádú ag an Laitvia le trealamh agus bonneagar nua, lena n-áirítear trí luasaire líneach a chur le hospidéal *Liepāja* chun cúram níos fearr a chur ar fáil d'othair oinceolaíochta. Feabhsaítear leis sin cruinneas, beaichte agus luas an trealaimh, rud a fheabhsaíonn agus a leathnaíonn raon na cóireála radaíochta léis sheachtraigh, agus rud a laghdaíonn amanna cóireála ó suas le 30 nóiméad go dtí níos lú ná dhá nóiméad. Laghdaítear leis sin baol an ionfhabhtaithe d'othair le linn an ghnáthaimh agus cabhraíonn sé leis an bhfíochán sláintiúil mórthimpeall agus le horgáin chriticiúla a chosaint.

An Liotuáin

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 2,30 billiún i ndeontais agus EUR 1,55 billiún in iasachtaí a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 5,4 % de OTI na Liotuáine[43]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 1,36 billiún leis an Liotuáin faoi STA, mar atá EUR 886 mhilliún i ndeontais agus EUR 470,3 milliún in iasachtaí.

Tábla 15: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Liotuáine

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 28 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 9 Samhain 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 2,298 milliún i ndeontais agus EUR 1,552 mhilliún in iasachtaí (5.4% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	10 n-infheistíocht agus 31 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	218
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	37 (16.9% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Tá EUR 2,49 billiún fós ar fáil don Liotuáin i ndeontais agus in iasachtaí ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 180 cloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[44], roimh an spriocdháta in 2026 arna bhunú do STA.

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 149,4 milliún mar réamh-mhaoiniú an 28 Nollaig 2023. Chuidigh sé sin le hathchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha a sheoladh, amhail eisiúint ceadanna le haghaidh forbairt fuinnimh in-athnuaite a éascú, rud atá ar siúl faoi láthair.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 37,3 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 23,3 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le cúram sláinte agus oideachas.

Agus dhá iarratas ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta ag an Liotuáin faoi lán seoil. Mar sin féin, is gá iarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun é sin a thabhairt i gcrích go tráthúil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar chéad iarratas na Liotuáine ar íocaíocht, agus tuairim an

[43] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga


[44] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10477-2021-ADD-1/en/pdf

Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 542 mhilliún i dtacaíocht airgeadais an 10 Bealtaine 2023[45]. Léirigh an eisíocaíocht an measúnú dearfach ar 31 as 33 chloch mhíle agus sprioc lena gcumhdaítear fuinneamh in-athnuaite agus digiteáil seirbhísí poiblí, i measc nithe eile. Níor comhlíonadh go sásúil an dá chloch mhíle eile maidir le cánachas. Dá bhrí sin, ghníomhachtaigh an Coimisiún an nós imeachta um 'íocaíochtaí a chur ar fionraí', mar a bheartaítear in Airteagal 24(6) den Rialachán. Tar éis athmheasúnú a dhéanamh an 6 Bealtaine 2024, measadh ceann amháin den dá chloch mhíle a bheith comhlíonta, rud a d'fhág go raibh íocaíocht pháirteach EUR 14,9 milliún ann.

Mar thoradh ar an iarratas is déanaí ar íocaíocht, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi an 21 Feabhra 2024, eisíocadh EUR 360 milliún an 27 Márta 2024.Léirigh an eisíocaíocht an measúnú dearfach ar 5 chloch mhíle lena gcumhdaítear cúram sóisialta, an t- aistriú glas, soláthar poiblí, agus nuachóiriú a tionscail.


Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Liotuáin ag obair i dtreo a tríú hiarratas ar íocaíocht.

Fíor 22: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Fíor 23: Iomlán na n-iasachtaí arna n-eisíoc faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid iomlán na n-iasachtaí a thugtar do gach Ballstát tríd an measúnú a dhéantar ar a iarratas ar iasacht agus ní féidir é a bheith níos mó ná 6,8 % dá OIN 2019.

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Léirítear i bhFíoracha 22 agus 23 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

[45] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Liotuáin

Athchóiriú:

Bhunaigh an Liotuáin Gníomhaireacht Nuálaíochta aonair trí fheidhmeanna um chur chun cinn na nuálaíochta a chomhdhlúthú, feidhmeanna a bhí scaipthe ar fud roinnt institiúidí roimhe seo. Feidhmíonn an ghníomhaireacht mar ionad ilfhreastail do ghnólachtaí atá ag lorg comhairle agus tacaíochta maidir lena ngníomhaíochtaí nuálacha.

Infheistíocht:

Mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta, d'fhorbair an Liotuáin córas faisnéise le haghaidh stáisiúin athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha atá inrochtana don phobal. Soláthraíonn an córas faisnéise faisnéis fíor-ama do gach stáisiún, agus é mar chuspóir aige líonra optamach a chruthú agus dálaí fabhracha a chruthú do ghnólachtaí agus do shaoránaigh chun feithiclí glana a oibriú.

Lucsamburg

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 83 mhilliún i ndeontais a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 0,1 % de OTI Lucsamburg[46]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, tá EUR 32,37 milliún eisíoctha le Lucsamburg faoi STA.

Tábla 16: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta Lucsamburg

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 13 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU faoi mheasúnú ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 17 Eanáir 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 83 mhilliún i ndeontais (0.1% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	12 infheistíocht agus 8 n-athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	60
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	26 (43.3% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Tá EUR 50,7 milliún fós ar fáil ag Lucsamburg i ndeontais ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na 34 chloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[47], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Tá caibidil REPowerEU curtha isteach ag Lucsamburg le cur lena Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, a sholáthraithe fuinnimh a éagsúlú agus níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta atá le teacht. Rannchuideoidh caibidil REPowerEU le soláthar fuinnimh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe a áirithiú[48].

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 68,8 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 29,6 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le tithíocht inacmhainne.

Agus iarraidh amháin ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme plean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg faoi lán seoil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar iarraidh Lucsamburg ar íocaíocht, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 20,2 milliún i dtacaíocht airgeadais an 16 Meitheamh 2023[49]. Leis na 26 chloch mhíle agus sprioc ghaolmhara cumhdaíodh athchóirithe agus infheistíochtaí amhail iad siúd a

[46] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga


[47] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10155-2021-ADD-1/en/pdf

[48] Ghlac an Chomhairle caibidil REPowerEU Lucsamburg an 23 Meán Fómhair 2024, i.e. tar éis scoithdháta na tuarascála bliantúla sin.

[49] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

bhaineann le digiteáil na hearnála poiblí, mar shampla le forbairt an fheidhmchláir mhóibíligh ‘MyGuichet.lu’, lena gcumhdaítear freisin teacht i bhfeidhm creata dhlíthiúil lena leagtar síos íoschéatadán d’fheithiclí glana sa soláthar poiblí agus cinn eile sna réimsí scileanna.

Fíor 24: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí Lucsamburg ag obair i dtreo a dara hiarratas ar íocaíocht.

Léirítear i bhFíor 24 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta do Lucsamburg

Athchóiriú:

Thug Lucsamburg athchóiriú isteach a théann níos faide ná oibleagáidí na Treorach maidir le Feithiclí Glana: Ní mór spriocanna íosta náisiúnta soláthair d’fheithiclí glana (feithiclí saothair éadroim, busanna agus feithiclí tromshaothair) a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta ach ní mór do gach údarás conarthach agus eintiteas aonair na spriocanna sin a bhaint amach freisin, agus feithiclí saothair éadroim agus tromshaothair á soláthar acu.

Infheistíocht:

D’imscar Lucsamburg leagan móibíleach de shuíomh gréasáin *MyGuichet.lu*, ardán le haghaidh idirghníomhaíochtaí idir saoránaigh agus gnólachtaí leis an riarachán poiblí. Leis an bhfeidhmchlár ceadaítear nósanna imeachta riaracháin a chomhlánú le fón póca. Is rannchuidiú tábhachtach é *MyGuichet* i dtreo dhigiteáil an riaracháin phoiblí.

An Ungáir

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 6,5 billiún i ndeontais agus EUR 3,9 billiún in iasachtaí a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 5,3 % de OTI na hUngáire[50]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 0,9 billiún leis an Ungáir faoi STA, mar atá EUR 0,14 billiún i ndeontais agus EUR 0,78 billiún in iasachtaí.

Tábla 17: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hUngáire

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 15 Nollaig 2022
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 8 Nollaig 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 6.5 billiún i ndeontais agus EUR 3.9 billiún in iasachtaí (5.3% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	47 n-infheistíocht agus 67 n-athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	368
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	0 (0% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Tá EUR 9,5 billiún fós ar fáil ag an Ungáir i ndeontais agus in iasachtaí ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na 368 gcloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[51], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 919,6 milliún mar réamh-mhaoiniú an 28 Nollaig 2023 agus an 15 Eanáir 2024. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail praghsáil dhinimiciúil a thabhairt isteach sa mhargadh leictreachais miondíola, margaí cúlchistí rialála a fheabhsú, ról na bpobal fuinnimh agus na gcomhbhailitheoirí fuinnimh a neartú, glacadh stórála leictreachais a dhreasú, nó líon na dtomhaltóirí a mhéadú chun méadair chliste a úsáid agus comhchuibhiú a dhéanamh ar na bealaí a gcuireann na hoibreoirí córais dáileacháin na rialacha maidir le hiarratas ar nasc i bhfeidhm.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 66,9 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 29,1 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le cuimsiú sóisialta, a bhfuiltear ag súil go bhfeabhsóidh siad rochtain ar oideachas príomhshrutha do scoláirí faoi mhíbhuntáiste agus dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu, tacaíocht do 4,500 áit bhreise cúraim leanaí

[50] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga


[51] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-15447-2022-ADD-1/en/pdf

luath-óige chomh maith le bearta sóisialta atá tiomnaithe do na 300 lonnaíocht is mó faoi mhíbhuntáiste a bhfuil leibhéil arda bochtaineachta acu.

Agus moill shuntasach ar chur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta, bhí an Ungáir fós ag obair ar a céad iarratas ar íocaíocht a chur i gcrích amhail ón 31 Lúnasa 2024.


Léirítear i bhFíoracha 25 agus 26 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta.

Fíor 25: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Fíor 26: Iomlán na n-iasachtaí arna n-eisíoc faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid iomlán na n-iasachtaí a thugtar do gach Ballstát tríd an measúnú a dhéantar ar a iarratas ar iasacht agus ní féidir é a bheith níos mó ná 6,8 % dá OIN 2019.

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Málta

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 328 milliún i ndeontais a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 1,7 % de OTI Mhálta[52]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, tá EUR 166,4 milliún eisíoctha le Málta faoi STA.

Tá EUR 161,9 milliún fós ar fáil ag Málta i ndeontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, a eisíocfar tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 83 chloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[53], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Tábla 18: Príomhfhíorais phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 13 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 17 Deireadh Fómhair 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 328 mbilliún i ndeontais (1.7% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	16 infheistíocht agus 31 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	136
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	53 (39% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Áirítear i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta Mhálta caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a sholáthairtí fuinnimh a éagsúlú, agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 14 mhilliún mar réamh-mhaoiniú an 13 Nollaig 2023. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail an t- athchóiriú ar an gcóras ceadúnúcháin le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 68,8 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 26,2 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le hoideachas cuimsitheach ar ardchaighdeán.


Agus dhá iarratas ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta faoi lán seoil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar chéad iarratas ar íocaíocht ó Mhálta, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 52,3 milliún i dtacaíocht

[52] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[53] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CONSIL:ST_11941_2021_ADD_1

airgeadais an 8 Márta 2023[54]. Cumhdaíodh sna 19 gcloch mhíle agus sprioc ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí amhail straitéis a ghlacadh chun dramhaíl a laghdú trí athchúrsáil in earnáil na tógála, saoráidí oifige a bhunú chun a chur ar chumas státseirbhíseach oibriú go cianda ar fud na tíre, athchóirithe chun borradh a chur faoi thaighde agus infheistíochtaí tionsclaíocha, straitéis náisiúnta frithchalaoise agus éillithe agus athchóirithe chun an córas ceartais a dhigiteáil.

Fíor 27: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Mar thoradh ar an iarratas is déanaí ar íocaíocht, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi an 26 Márta 2024, eisíocadh EUR 58,9 milliún an 16 Bealtaine 2024. Léiríodh leis an eisíocaíocht an measúnú dearfach ar 34 chloch mhíle agus sprioc lena gcumhdaítear, i measc nithe eile, soghluaisteacht inbhuanaithe, cúram sláinte, oiliúint i dteicneolaíocht na faisnéise, foghlaim ar feadh an tsaoil, oideachas cuimsitheach, acmhainneacht na mbreithiúna, frithsciúradh airgid, agus cánachas corparáideach chomh maith le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phríobháideacha agus phoiblí, leictriú an iompair, digiteáil gnólachtaí agus riarachán poiblí.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí Málta ag obair i dtreo a tríú hiarratas ar íocaíocht.

Léirítear i bhFíor 27 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta do Mhálta

Athchóiriú:

I mí Eanáir 2024, ghlac Málta dlí nua lena dtugtar isteach Rialacha maidir le Praghsáil Aistrithe, rud a fhágann gurb é an Ballstát deireanach é chun rialacha den sórt sin a ghlacadh. Is é is aidhm don athchóiriú sin cosc a chur ar chuideachtaí ilnáisiúnta praghsanna a chúbláil agus brabúis a aistriú chuig dlínsí ísealchánach nó cánacha

[54] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

nialasacha chun íoc cánach a sheachaint. Cuideoidh na rialacha freisin le cothrom iomaíochta a áirithiú do ghnólachtaí áitiúla agus eachtracha.

Infheistíocht:

Cuireann Plean Téarnaimh agus Athléimneachta Mhálta dreasachtaí ar fáil le haghaidh aistriú chuig soghluaisteacht leictreach, astaíochtaí a laghdú, agus brú tráchta ar Oileáin Mhálta a mhaolú. Áirítear san infheistíocht STA dar luach EUR 50 milliún deontais suas le EUR 11 000 le haghaidh feithiclí leictreacha nua agus EUR 1 000 le haghaidh traipisithe as a n- eascraíonn 1 200+ feithicil leictreacha nua in 2023 agus 5 600+ faoi 2025, rud a mhéadaíonn sciar reatha na bhfeithiclí leictreacha faoi dhó.

An Ísiltír

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 5,4 billiún i ndeontais a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 0,5 % de OTI na hÍsiltíre[55]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí leithdháileadh iomlán STA fós ar fáil don Ísiltír, a eisíocfar tar éis measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na 132[56] chloch mhíle agus sprioc a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[57], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Tábla 19: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hÍsiltíre

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 4 Deireadh Fómhair 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 17 Deireadh Fómhair 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 5.441 billiún i ndeontais (0.5% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	28 n-infheistíocht agus 22 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	132
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	0 (0% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Áirítear sa chaibidil infheistíocht mhéadaithe le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh i dtithíocht agus athchóiriú ábhartha a rannchuideoidh le soláthar fuinnimh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe a áirithiú, trí dhul i ngleic le plódú eangaí agus trí dhlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 54,9 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 25,6 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta ann a bhaineann le tithíocht inacmhainne, cosaint do dhaoine féinfhostaithe, agus tacaíocht d'athfhostaíocht.

Le moill shuntasach ar chur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta, chuir an Ísiltír a céad iarratas ar íocaíocht isteach an 24 Bealtaine 2024. Amhail

[55] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga


[56] Ghlac an Coimisiún réamh-mheasúnú do chéad iarratas na hÍsiltíre ar íocaíocht an 15 Iúil 2024, inar mheas an Coimisiún go raibh 30 cloch mhíle agus sprioc comhlíonta go sásúil. Eisíocadh an íocaíocht chomhfhreagrach leis an Ísiltír an 24 Meán Fómhair 2024, i.e. tar éis scoithdháta na tuarascála bliantúla sin.

[57] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-12275-2022-ADD-1/en/pdf

ón 31 Lúnasa 2024, ghlac an Coimisiún réamh-mheasúnú ar chéad iarratas na hÍsiltíre ar íocaíocht. Déanfar an eisíocaíocht chomhfhreagrach go luath

Léirítear i bhFíor 28 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta.

Fíor 28: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

An Ostair

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 3,96 billiún i ndeontais a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 0,8 % de OTI na hOstaire[58]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, tá EUR 1,19 billiún eisíoctha leis an Ostair faoi STA.

Tá EUR 2,8 billiún fós ar fáil don Ostair i ndeontais ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 134 chloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[59], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Tábla 20: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hOstaire

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 13 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 9 Samhain 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 3.96 billiún i ndeontais (0.8% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	34 infheistíocht agus 29 n-athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	178
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	44 (24.7% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 42,1 milliún mar réamh-mhaoiniú an 21 Nollaig 2023. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail nósanna imeachta ceadúnúcháin a chuíchóiriú le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite, go háirithe feirmeacha gaoithe.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 56 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 36 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le hoideachas agus scileanna, cúram sláinte, timpeallacht ghnó agus taighde agus nuálaíocht.

Agus iarratas amháin ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire faoi lán seoil. Mar sin féin, is gá iarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun é a chur i gcrích go tráthúil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar chéad iarratas na hOstaire ar íocaíocht, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh. Mar thoradh air sin, eisíocadh


[58] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[59] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10159-2021-ADD-1/en/pdf

EUR 700 milliún i dtacaíocht airgeadais an 20 Aibreán 2023[60]. Cumhdaíodh sna 44 chloch mhíle agus sprioc ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí amhail teacht i bhfeidhm Dlí um Leathnú In-athnuaite, rud a chuirfidh dlús le leathadh amach an táirgthe fuinnimh in-athnuaite, agus cinn eile i réimsí an iompair phoiblí, na héifeachtúlachta fuinnimh agus na digiteála scoileanna.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Ostair ag obair i dtreo a dara hiarratas ar íocaíocht.

Fíor 29: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Léirítear i bhFíor 29 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Ostair

Athchóiriú:

Leis an Dlí um Leathnú ar Fhoinsí In-athnuaite Fuinnimh a glacadh in 2022, bunaíodh creatdálaí nua chun tacú le giniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite. Trí dhlús a chur le feidhmiú céimneach an táirgthe fuinnimh ghlain, cuireann an t- athchóiriú go mór le tacú le haistriú glas na hOstaire.

Infheistíocht:

Seoladh tionscadail infheistíochta náisiúnta a thacaíonn le bonneagar hidrigine a fhorbairt faoi chreat IPCEI. Trí thionscadail chomhtháite trasteorann a chur chun cinn feadh shlabhra luacha iomlán na hidrigine, lena n- áirítear táirgeadh, stóráil agus feidhmeanna, is é is aidhm don infheistíocht tionscal na hOstaire a dhaingniú d'earnáil hidrigine in-athnuaite na hEorpa atá ag teacht chun cinn.

[60] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

An Pholainn

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 25,3 billiún i ndeontais agus EUR 34,5 billiún in iasachtaí a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 8 % de OTI na Polainne[61]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 11,39 billiún leis an bPolainn faoi STA, mar atá EUR 3,25 billiún i ndeontais agus EUR 8,14 billiún in iasachtaí.

Tábla 21: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Polainne

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 17 Meitheamh 2022
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 8 Nollaig 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 25.3 billiún i ndeontais agus EUR 34.5 billiún in iasachtaí (8% de OTI 2021)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	56 infheistíocht agus 55 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	314
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	38 (12% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Tá EUR 48,4 billiún fós ar fáil don Pholainn i ndeontais agus in iasachtaí ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 276 chloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[62], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 5,1 billiún mar réamh-mhaoiniú an 28 Nollaig 2023. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail an próiseas ceadúnúcháin le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh a chuíchóiriú agus dlús a chur le hathchóirithe tí, agus ar an gcaoi sin dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite agus borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 44,8 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 21,3 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le fostaíocht agus scileanna.

Agus iarratas amháin ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta ag an bPolainn faoi lán seoil. Mar sin féin, is gá

[61] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga


[62] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9728-2022-ADD-1/en/pdf

iarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun é a chur i gcrích go tráthúil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar iarratas na Polainne ar íocaíocht, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 6,3 billiún i dtacaíocht airgeadais an 15 Aibreán 2024[63]. Leis na 38 gcloch mhíle agus sprioc ghaolmhara cumhdaíodh athchóirithe agus infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar thimpeallacht infheistíochta na tíre, ar athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair, ar thalmhaíocht, ar fhuinneamh glas, ar chlaochlú digiteach, ar shláinte agus ar shoghluaisteacht ghlan.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Pholainn ag obair i dtreo a dara hiarratas ar íocaíocht.


Léirítear i bhFíoracha 30 agus 31 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Fíor 30: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Fíor 31: Iomlán na n-iasachtaí arna n-eisíoc faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid iomlán na n-iasachtaí a thugtar do gach Ballstát tríd an measúnú a dhéantar ar a iarratas ar iasacht agus ní féidir é a bheith níos mó ná 6,8 % dá OIN 2019.

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Pholainn

Athchóiriú:

Thug an Pholainn athchóiriú isteach a neartóidh gnéithe tábhachtacha de neamhspleáchas na mbreithiúna sa Pholainn, rud a chuirfidh feabhas foriomlán ar thimpeallacht infheistíochta na tíre. Tar éis na mbeart a glacadh idir mí an Mheithimh 2022 agus mí Feabhra 2024, rinne an Pholainn athchóiriú cuimsitheach ar an gcóras araíonachta is infheidhme maidir le breithiúna na Polainne. Go háirithe, chuir an t- athchóiriú deireadh le

[63] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

Dlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí agus chuir cúirt neamhspleách neamhchlaonta arna bunú leis an dlí, i.e. an Dlísheomra um Dhliteanas Gairmiúil, ina ionad. Bhí sé de cheart ag gach breitheamh a ndearna rialuithe an iar-Dhlísheomra Araíonachta difear dóibh go ndéanfadh Dlísheomra nua na Cúirte Uachtaraí athbhreithniú ar a gcás laistigh de thréimhse shoiléir ama. Tá cosaintí i bhfeidhm anois ionas nach mbeidh baol ann a thuilleadh go mbeidh dliteanas araíonachta ar bhreithiúna i leith ábhar a mbreithiúnas nó i leith dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm.

Infheistíocht:

Cruthaíodh córas TF lánfheidhmiúil, chun bainistiú a dhéanamh ar mhaoiniú agus ar chruthú saoráidí cúraim leanaí do leanaí suas go dtí trí bliana d'aois. Comhcheanglaíonn an córas TF seo foinsí éagsúla maoinithe do chúram leanaí freisin.

An Phortaingéil

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 16,3 billiún i ndeontais agus EUR 5,9 billiún in iasachtaí a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 8,4 % de OTI na Portaingéile[64]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 8,49 billiún leis an bPortaingéil faoi STA, mar atá EUR 6,84 billiún i ndeontais agus EUR 1,65 billiún in iasachtaí.

Tábla 22: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Portaingéile

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 13 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 17 Deireadh Fómhair 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 16.3 billiún i ndeontais agus EUR 5.9 billiún in iasachtaí (8.4% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	117 n-infheistíocht agus 44 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	463
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	105 (23% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Tá EUR 13,7 billiún fós ar fáil ag an bPortaingéil i ndeontais agus in iasachtaí ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 358 gcloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[65], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos don tSaoráid.

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 171,1 milliún mar réamh-mhaoiniú an 21 Nollaig 2023. Chuidigh sé sin leis na hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail an Fhaireachlann um Bochtaineacht Fuinnimh a bhunú.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 41,2 %[66] de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 21,1 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le tithíocht shóisialta.

Agus ceithre iarratas ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme STA na Portaingéile faoi lán seoil. Mar sin féin, is gá iarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun é a chur i gcrích go tráthúil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar an gcéad

[64] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[65] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10149-2021-ADD-1-REV-1/en/pdf

[66] Amhail ón 8 Deireadh Fómhair 2024, i.e. tar éis scoithdháta na tuarascála bliantúla sin, nuair a ghlac an Chomhairle nuashonrú na Portaingéile ar earráidí cléireachais, is é 40,6 % an luach nua.


agus ar an dara hiarratas ar íocaíocht ón bPortaingéil, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 1,2 billiún i dtacaíocht airgeadais an 9 Bealtaine 2022 agus eisíocadh EUR 1,8 billiún an 8 Feabhra 2023[67]. Cumhdaíodh leis na 58 gcloch mhíle agus sprioc ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí amhail an Straitéis Náisiúnta chun an Bhochtaineacht a Chomhrac, claochlú digiteach an riaracháin phoiblí, agus Banco Português de Fomento. Rinneadh athchóirithe agus infheistíochtaí freisin i réimsí na sláinte, an chánachais, na hinfheistíochta agus na nuálaíochta, na gcáilíochtaí agus na scileanna digiteacha, na foraoiseachta, an gheilleagair ghoirm, na ngás in-athnuaite agus an bhithgheilleagair agus an bhainistithe dramhaíola.

Mar thoradh ar an iarratas is déanaí ar íocaíocht, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi an 13 Nollaig 2023, eisíocadh EUR 2,5 billiún an 28 Nollaig 2023. Léirigh an eisíocaíocht, lena gcomhcheanglaítear an tríú agus an ceathrú tráthchuid, an measúnú dearfach ar 44 as 47 gcloch mhíle agus sprioc lena gcumhdaítear, i measc nithe eile, digiteáil an chúraim sláinte, tithíocht inacmhainne, an timpeallacht ghnó, dícharbónú an iompair, cosc dóiteán tuaithe agus an córas ceartais. Níor comhlíonadh go sásúil an sprioc eile ná dhá chloch mhíle maidir le hathchóirithe ar an earnáil sláinte agus maidir le hathchóiriú na ngairmeacha rialáilte. Dá bhrí sin, ghníomhachtaigh an Coimisiún an nós imeachta um 'íocaíochtaí a chur ar fionraí', mar a bheartaítear in Airteagal 24(6) de Rialachán STA. Tar éis athmheasúnú a dhéanamh an 26 Iúil 2024, measadh go raibh na trí chloch mhíle agus sprioc uile comhlíonta, rud a d'fhág gur cuireadh deireadh leis an bhfionraí agus gur íocadh EUR 720 milliún.


Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Coimisiún ag obair i gcomhar leis an bPortaingéil chun measúnú a dhéanamh ar a cúigiú hiarratas ar íocaíocht.

Léirítear i bhFíoracha 32 agus 33 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Fíor 32: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Fíor 33: Iomlán na n-iasachtaí arna n-eisíoc faoi STA



[67] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid iomlán na n-iasachtaí a thugtar do gach Ballstát tríd an measúnú a dhéantar ar a iarratas ar iasacht agus ní féidir é a bheith níos mó ná 6,8 % dá OIN 2019.

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Phortaingéil

Athchóiriú:

Tháinig an Straitéis Náisiúnta athbhreithnithe um Sholáthar Poiblí Glas i bhfeidhm an 11 Feabhra 2023. Sonraítear sa straitéis athbhreithnithe critéir éiceolaíocha a bhaineann le soláthar seirbhísí agus táirgí lena gcomhtháthaítear ábhair bhithbhunaithe inbhuanaithe, lena n- áirítear trí chritéir éiceolaíocha éigeantacha a thabhairt isteach.

Infheistíocht:

Ghlac an Phortaingéil an beartas infheistíochta le haghaidh *Banco Português de Fomento* (BPF) agus d'aistrigh an Rialtas caipiteal EUR 250 milliún chuig BPF. Leis an méadú caipitil agus leis an bhforbairt ar bheartas infheistíochta le haghaidh BPF, is féidir InvestEU a chur chun feidhme agus tugadh isteach sraith critéar incháilitheachta freisin chun comhlíonadh cheanglais agus chuspóirí STA a áirithiú.

An Rómáin

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 13,6 billiún i ndeontais agus EUR 14,9 billiún in iasachtaí a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 8,8 % de OTI na Rómáine[68]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 9,4 billiún leis an Rómáin faoi STA, mar atá EUR 5,8 billiún i ndeontais agus EUR 3,6 billiún in iasachtaí.

Tá EUR 19 mbilliún fós ar fáil ag an Rómáin i ndeontais agus in iasachtaí ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 448 gcloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[69], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Tábla 23: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Rómáine

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 29 Deireadh Fómhair 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 8 Nollaig 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 13.6 billiún i ndeontais agus EUR 14.9 billiún in iasachtaí 8.8% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	111 infheistíocht agus 66 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	518
Cloch míle agus spriocanna comhlíonta	70 (13.5% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 288 milliún mar réamh-mhaoiniú an 25 Eanáir 2024. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail an t- ionad ilfhreastail a bhunú le haghaidh athchóirithe agus úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh ag táirgeoirí is tomhaltóirí.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 44,2 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 21,9 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le tacaíocht do leanaí ó theaghlaigh leochaileacha, do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta, chomh maith le cur chun feidhme an Ioncaim Íosta Cuimsithe.

Agus dhá iarratas ar íocaíocht curtha i gcrích, tá moill shuntasach ar chur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta ag an Rómáin. Rinne an Coimisiún

[68] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[69] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-12319-2021-ADD-1/en/pdf


measúnú dearfach ar chéad iarratas na Rómáine ar íocaíocht, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 2,6 billiún i dtacaíocht airgeadais an 27 Deireadh Fómhair 2022[70]. Cumhdaíodh sna 21 chloch mhíle agus sprioc ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí i réimsí na soghluaisteachta inbhuanaithe, an dícharbónaithe, an iniúchta agus an rialaithe, an oideachais agus na sláinte, agus réamhchéimeanna in athchóirithe cánach agus pinsean, i measc réimsí eile.

Mar thoradh ar an iarratas is déanaí ar íocaíocht, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi an 27 Meitheamh 2023, eisíocadh EUR 2,8 billiún an 29 Meán Fómhair 2023.Léirigh an eisíocaíocht an measúnú dearfach ar 49 as 51 chloch mhíle agus sprioc lena gcumhdaítear, i measc nithe eile, digiteáil an chúraim sláinte, tithíocht inacmhainne, cultúr, an timpeallacht ghnó, dícharbónú an iompair, agus cosc dóiteán tuaithe. Níor comhlíonadh go sásúil an dá chloch mhíle eile maidir le hinfheistíochtaí fuinnimh. Dá bhrí sin, ghníomhachtaigh an Coimisiún an nós imeachta um 'íocaíochtaí a chur ar fionraí', mar a bheartaítear le hAirteagal 24(6) de Rialachán STA. Ar fhianaise a sholáthar laistigh den tréimhse a shonraítear i bhforálacha Rialachán STA, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh sásúil na gcloch míle agus, más iomchuí, cuirfidh sé deireadh le fionraí na híocaíochta.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Coimisiún ag obair i gcomhar leis an Rómáin chun measúnú a dhéanamh ar a tríú hiarratas ar íocaíocht.


Léirítear i bhFíoracha 34 agus 35 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Fíor 34: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán

Fíor 35: Iomlán na n-iasachtaí arna n-eisíoc faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid iomlán na n-iasachtaí a thugtar do gach Ballstát tríd an measúnú a

[70] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

dhéantar ar a iarratas ar iasacht agus ní féidir é a bheith níos mó ná 6,8 % dá OIN 2019.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Rómáin

Athchóiriú:

Ghlac an Rómáin Reacht Éigeandála Rialtais i mí an Mheithimh 2022 lena mbunaítear féilire céimnithe amach le haghaidh guail agus ligníte, rud a chuireann le dícharbónú na hearnála fuinnimh. Ba cheart deireadh a chur de réir a chéile le gléasraí cumhachta gualbhreoslaithe agus ligníte faoi 2032.

Infheistíocht:

Síníodh conarthaí le hoibreoirí poiblí (i.e. bardais) chun plandlanna atá tíosach ar fhuinneamh a oibríochtú. Is é is aidhm don infheistíocht rochtain agus rannpháirtíocht i ngnáthsheirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige a mhéadú, trí acmhainn bhreise 110 naíolann nua.

An tSlóivéin

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 1,6 billiún i ndeontais agus EUR 1,1 billiún in iasachtaí a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 4,3 % de OTI na Slóivéine[71]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 841 mhilliún leis an tSlóivéin faoi STA, mar atá EUR 530,96 milliún i ndeontais agus EUR 310 milliún in iasachtaí.

Tábla 24: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Slóivéine

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 28 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 17 Deireadh Fómhair 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 1,613 mhilliún i ndeontais agus EUR 1,072 mhilliún in iasachtaí (4.3% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	50 infheistíocht agus 36 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	205
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	56 (27.3% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Tá EUR 1,8 billiún fós ar fáil ag an tSlóivéin i ndeontais agus in iasachtaí ó STA. Eisíocfar é sin tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh a dhéanfar amach anseo ar chomhlíonadh na 149 gcloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[72], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 24,4 milliún mar réamh-mhaoiniú an 13 Nollaig 2023. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail deireadh a chur le bacainní rialála ar imscaradh suiteálacha fuinnimh in-athnuaite.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 48,9 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 20,0 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le cúram sláinte, pinsin agus cúram fadtéarmach.

Agus dhá iarratas ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine faoi lán seoil. Mar sin féin, is gá

[71] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[72] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-8390-2022-INIT/en/pdf


iarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun é a chur i gcrích go tráthúil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar an gcéad iarratas ar íocaíocht ón tSlóivéin, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 50 milliún i dtacaíocht airgeadais an 20 Aibreán 2023[73]. Cumhdaíodh leis an 12 chloch mhíle ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí i bpróiseálaithe ísealchumhachta agus sliseanna leathsheoltóra agus i mbonneagar agus seirbhísí coiteanna sonraí Eorpacha, agus cinn eile i réimsí an chlaochlaithe dhigitigh, na timpeallachta gnó, an chúraim fhadtéarmaigh agus na hiniúchóireachta agus an rialaithe.

Mar thoradh ar an iarratas is déanaí ar íocaíocht, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach air an 27 Samhain 2023, eisíocadh EUR 536 mhilliún an 28 Nollaig 2023. Léirigh an eisíocaíocht an measúnú dearfach ar 44 chloch mhíle agus sprioc lena gcumhdaítear, i measc nithe eile, an plean bainistithe riosca tuilte, úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus claochlú digiteach gnólachtaí, turasóireachta agus cultúir.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Coimisiún ag obair i gcomhar leis an tSlóivéin chun measúnú a dhéanamh ar a tríú hiarratas ar íocaíocht.


Léirítear i bhFíoracha 36 agus 37 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos

Fíor 36: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n- áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Fíor 37: Iomlán na n-iasachtaí arna n-eisíoc faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais inaisíoctha iad iasachtaí. Cinntear méid iomlán na n-iasachtaí a thugtar do gach Ballstát tríd an measúnú a dhéantar ar a iarratas ar iasacht agus ní féidir é a bheith níos mó ná 6,8 % dá OIN 2019.

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

[73] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don tSlóivéin

Athchóiriú:

Ghlac an tSlóivéin an Gníomh um Breoslaí Malartacha san Iompar, lena ndéantar úsáid breoslaí malartacha san iompar idir-inoibritheach, slán agus inrochtana go héasca. Leagtar amach sa Ghníomh rialacha atá ceangailteach ó thaobh dlí do na páirtithe leasmhara uile in ionad ilfhreastail, chun éagsúlú an iompair phearsanta go príomha chuig iompar astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a éascú. Cumhdaítear leis an nGníomh freisin cruthú, clárú agus oibriú bonneagair athluchtaithe agus soláthair.

Infheistíocht:

Roghnaigh an tSlóivéin tionscadail rathúla cistí tithíochta bardasacha agus eagraíochtaí tithíochta inacmhainne eile, chun seachadadh a dhéanamh ar thógáil agus éadáil teaghaisí nua chomh maith le teaghaisí atá ann cheana a atógáil, chun 480 aonad tithíochta poiblí inacmhainne nua a sholáthar.

An tSlóvaic

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 6,4 billiún i ndeontais a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 5,2 % de OTI na Slóvaice[74]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 2,67 billiún i ndeontais leis an tSlóvaic faoi STA.

Tá EUR 3,7 billiún fós ar fáil ag an tSlóvaic i ndeontais ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 165[75] chloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[76], roimh an spriocdháta 2026 arna bhunú do STA.

Tábla 25: Príomhfhíorais plean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 13 Iúil 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 14 Iúil 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 6.408 billiún i ndeontais (5.2% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	64 infheistíocht agus 70 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	222
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	57 (25.7% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 80,5 milliún mar réamh-mhaoiniú an 13 Nollaig 2023. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail nuachóiriú agus digiteáil na líonraí leictreachais.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 45,8 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 20,50 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le drochthorthaí oideachais agus scileanna daltaí agus ráta rollaithe íseal leanaí i saoráidí réamhscoile.

Agus trí iarratas ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice faoi lán seoil. Mar sin féin, is gá iarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun é a chur i gcrích go tráthúil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar an gcéad agus ar an dara hiarratas ar íocaíocht ón tSlóvaic, agus tuairim an

[74] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga


[75] Ghlac an Coimisiún réamh-mheasúnú le haghaidh ceathrú hiarratas ar íocaíocht na Slóvaice an 1 Iúil 2024, inar mheas an Coimisiún go raibh 15 chloch mhíle agus sprioc comhlíonta go sásúil.

[76] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CONSIL:ST_10156_2021_ADD_1

Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh aige. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 398,7 milliún i dtacaíocht airgeadais an 29 Iúil 2022 agus eisíocadh EUR 708,8 milliún an 22 Márta 2023[77]. Cumhdaíodh sna 30 chloch mhíle agus sprioc ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí amhail an fórsa póilíneachta a fheistiú agus a dhigiteáil nó an léarscáil bhreithiúnach a atheagrú, agus cinn eile i réimsí an chlaochlaithe dhigitigh, an chúraim sláinte agus an riaracháin phoiblí.

Mar thoradh ar an iarratas is déanaí ar íocaíocht, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi an 24 Samhain 2023, eisíocadh EUR 662,3 milliún an 28 Nollaig 2023. Léirigh an eisíocaíocht an measúnú dearfach ar 27 gcloch mhíle agus sprioc lena gcumhdaítear, i measc nithe eile, straitéis a ullmhú chun aistriú digiteach an gheilleagair a threorú, glaonna nua a sheoladh chun feabhas a chur ar an gcomhar idir taighdeoirí acadúla agus cuideachtaí príobháideacha, agus feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar cháilíocht an chórais oideachais, lena n- áirítear réamh-bhunscoileanna.

Fíor 38: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, ghlac an Coimisiún réamh-mheasúnú ar an gceathrú hiarratas ar íocaíocht ón tSlóvaic.

Léirítear i bhFíor 38 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don tSlóvaic

Athchóiriú:

Thug an tSlóvaic an creat dlíthiúil atá ann cheana maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh cothrom le dáta agus chruthaigh sí sásraí tacaíochta nua chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a úsáid san iompar, sa leictreachas agus sa téamh. Thug an tSlóvaic plean ceantála fadtéarmach le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh isteach freisin ón Aireacht Geilleagair agus ghlac sí scéim ceantála le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh, scéim tacaíochta nua le haghaidh infheistíochtaí in athchumhachtú agus scéim le haghaidh infheistíochtaí i sócmhainní solúbthachta.

[77] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

Infheistíocht:

Tá sprioc bainte amach ag an tSlóvaic freisin a bhaineann le líonra de Mhoil Nuálaíochta Digití Eorpach (MNDE) agus de Mhoil Nuálaíochta Digití a chruthú chun seirbhísí a sholáthar do ghnólachtaí chun tacú le teicneolaíochtaí nua agus nuálaíocht a fhorbairt.

An Fhionlainn

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 1,9 billiún i ndeontais a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 0,7 % de OTI na Fionlainne[78]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, eisíocadh EUR 498,8 milliún leis an bhFionlainn faoi STA.

Tá EUR 1,45 billiún fós ar fáil ag an bhFionlainn i ndeontais ó STA. Eisíocfar é sin tar éis measúnú a dhéanamh amach anseo ar chomhlíonadh na 124 chloch mhíle agus sprioc eile a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[79], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos do STA.

Tábla 26: Príomhfhíorais Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Fionlainne

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 29 Deireadh Fómhair 2021
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 8 Nollaig 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 1.9 billiún i ndeontais (0.7% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	40 infheistíocht agus 19 n-athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	144
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	20 (14% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Áirítear i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Fionlainne caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Chun tús a chur le cur chun feidhme na caibidle REPowerEU, eisíocadh EUR 25,4 milliún mar réamh-mhaoiniú an 25 Eanáir 2024. Chuidigh sé sin le hathchóirithe ábhartha a sheoladh amhail nós imeachta athbhreithnithe aonair agus údarás náisiúnta aonair nua a bhunú chun iarratais ar cheadanna comhshaoil a phróiseáil, agus infheistíochtaí, amhail i dteicneolaíochtaí glana nua le haghaidh táirgeadh agus úsáid fuinnimh, chomh maith le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha chun réitigh fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 52,3 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 28,9 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, go háirithe maidir le rochtain ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí sóisialta a fheabhsú ar fud na tíre.

Agus iarratas amháin ar íocaíocht curtha i gcrích, tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne faoi lán seoil. Mar sin féin, is gá


[78] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[79] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-12524-2021-ADD-1/en/pdf

iarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun é a chur i gcrích go tráthúil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar iarratas na Fionlainne ar íocaíocht, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh. Mar thoradh air sin, eisíocadh EUR 202 mhilliún i dtacaíocht airgeadais an 1 Márta 2024[80]. Cumhdaíodh leis na 20 cloch míle agus sprioc ghaolmhara athchóirithe agus infheistíochtaí amhail athchóirithe cánach chun leictriú na tionsclaíochta a chur chun cinn agus infheistíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin a spreagadh, dreasachtaí cánach chun iompar inbhuanaithe agus úsáid feithiclí leictreacha a chur chun cinn, deiseanna fostaíochta a fheabhsú trí dheiseanna foghlama leanúnacha a mheaitseáil le riachtanais mhargadh an tsaothair agus le príomhreachtaíocht i gcomhthéacs an athchóirithe shóisialta, cúraim sláinte agus seirbhísí tarrthála. Áiríodh leis na clocha míle freisin príomhinfheistíochtaí chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach, amhail claochlú an bhonneagair fuinnimh agus teicneolaíochtaí nua fuinnimh agus táirgeadh agus úsáid hidrigine astaíochtaí ísle. Dhírigh príomhinfheistíochtaí eile ar thionchair aeráide agus chomhshaoil foirgneamh a laghdú agus tacaíonn siad le foraoiseacht bheacht chun bearta athléimneacha aeráide agus inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn.

Amhail ón 31 Lúnasa 2024, bhí an Fhionlainn ag obair i dtreo a dara hiarratas ar íocaíocht.

Fíor 39: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Léirítear i bhFíor 39 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá samplaí de bhearta ag a bhfuil clocha míle agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

[80] Nuair a eisíoctar na híocaíochtaí iarrtha, déantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go comhréireach. Luaitear na glanmhéideanna anseo.

Samplaí de chlocha míle agus spriocanna comhlíonta don Fhionlainn

Athchóiriú:

Tháinig an tAcht um Ionad Seirbhíse d'Fhoghlaim agus d'Fhostaíocht Leanúnach i bhfeidhm. Cuireann an Lárionad Seirbhíse oiliúint agus acmhainní ar fáil chun inniúlachtaí agus scileanna a fhorbairt a bhfuil gá leo sa mhargadh saothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, rud a leathnaíonn tairiscint foghlama leanúnach na Fionlainne agus a chruthaíonn deiseanna do dhaoine in aois oibre.

Infheistíocht:

Tháinig na treoirlínte cistiúcháin (an Rialachán maidir le Cabhair Fuinnimh) i bhfeidhm, rud a d'fhág gurbh fhéidir an chéad ghlao iomaíoch ar thograí a sheoladh chun bonneagar fuinnimh a thógáil. Ceann de thairbhithe na n- infheistíochtaí sin is ea cuideachta fuinnimh HELEN Chathair Heilsincí atá faoi lánúinéireacht, a bhfuil sé d'aidhm ag a tionscadal Aer go Caidéil Teasa Uisce gléasra teaschaidéil a chur chun feidhme a úsáideann aer lasmuigh mar fhoinse teasa ag a bhfuil acmhainneacht téimh ceantair 11-18 MW agus acmhainneacht fuaraithe ceantair 8MW.

An tSualainn

Réitíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta an bealach chun suas le EUR 3,45 billiún i ndeontais a eisíoc faoi STA le linn na tréimhse 2021-2026, mar atá 0,6 % de OTI na Sualainne[81]. Amhail ón 31 Lúnasa 2024, tá leithdháileadh iomlán STA fós ar fáil don tSualainn, a eisíocfar tar éis measúnú amach anseo a dhéanamh ar chomhlíonadh na 57 gcloch mhíle agus sprioc a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[82], roimh an spriocdháta in 2026 a leagadh síos don tSaoráid.

Tábla 27: Príomhfhíorais phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne

Dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme an phlean tosaigh	An 4 Bealtaine 2022
Raon	Plean athbhreithnithe agus caibidil REPowerEU ann
An t-athbhreithniú mór deireanach	An 9 Samhain 2023
An leithdháileadh iomlán	EUR 3.4 billiún i ndeontais (0.6% de OTI 2023)
Infheistíochtaí agus athchóirithe	14 infheistíocht agus 16 athchóiriú
An líon iomlán cloch míle agus spriocanna	57
Clocha míle agus spriocanna comhlíonta	0 (0% den iomlán)

Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta


Áirítear le plean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne caibidil REPowerEU chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, chun a soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, agus chun níos mó fuinnimh ghlain a tháirgeadh sna blianta amach romhainn. Rannchuideoidh an chaibidil le soláthar fuinnimh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe a áirithiú.

Dírítear go mór sa phlean ar an aistriú glas, agus 43,65 % de na cistí atá ar fáil á thiomnú do bhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 21,2 % dá leithdháileadh iomlán chun tacú leis an aistriú digiteach. Coinníonn sé gné láidir shóisialta freisin agus bearta cosanta sóisialta ann, lena n- áirítear go háirithe gairmoideachas, oiliúint teanga sa tSualainnis agus tithíocht do mhic léinn.

[81] Tá faisnéis OTI bunaithe ar shonraí 2023. Foinse: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

[82] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-7772-2022-ADD-1/en/pdf

Fíor 40: Iomlán na ndeontas a eisíocadh faoi STA



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na ndeontas, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú, a eisíocadh go dtí seo faoi STA. Is ranníocaíochtaí airgeadais neamh-inaisíoctha iad deontais. Cinntear méid iomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena mbaineann.
Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Agus moill shuntasach curtha ar chur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta, bhí an tSualainn ag obair i dtreo a céad iarratas ar íocaíocht ón 31 Lúnasa 2024.

Léirítear i bhFíor 40 an staid mar atá faoi láthair mar a léirítear sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta.